2024/2105

1.8.2024

**RIALACHÁN (AE) 2024/2105 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 31 Iúil 2024**

**lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do mhaíomh sláinte a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do riosca galair a laghdú agus iad siúd lena dtagraítear d'fhorbairt agus do shláinte leanaí**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 i dtaca le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, tá toirmeasc ar mhaímh shláinte a dhéantar i leith bianna ach amháin má tá siad údaraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Rialachán sin agus más rud é go n-áirítear iad i liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe.

(2) Foráiltear le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 freisin nach mór d'oibreoirí gnólachtaí bia iarratais ar údarú i leith maímh shláinte a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta de chuid Ballstáit. Cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta iarratais bhailí chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') le haghaidh measúnú eolaíoch, agus cuirfidh sé chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit eile iad chomh maith, ar mhaithe le faisnéis.

(3) Tar éis don Údarás iarratas a fháil, tabharfaidh sé tuairim ar an maíomh sláinte lena mbaineann laistigh de 5 mhí.

(4) Déanfaidh an Coimisiún cinneadh i dtaca le húdarú a thabhairt don mhaíomh sláinte agus an tuairim ón Údarás á cur san áireamh aige. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, le linn an bhreithnithe sin ní mór don Choimisiún tosca dlisteanacha eile is ábhartha don ábhar a chur san áireamh.

(5) Tar éis iarratas a fháil ó BENEO GmbH, iarratas a cuireadh isteach de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 le haghaidh maíomh sláinte de réir bhrí Airteagal 13(5), ceanglaíodh ar an Údarás tuairim a thabhairt faoi mhaíomh sláinte a bhaineann le hiseamaltalós agus leis an gcaoi a gcuireann sé leis an meitibileacht fuinneamhtháirgthe normálta (Ceist Uimh. EFSA-Q-2021-00073). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: 'Tomhailt bianna/deochanna ina bhfuil iseamaltalós (Palatinose™), ar substaint é a chuirtear i mbianna agus deochanna in ionad siúcraí eile, cuireann sé leis an meitibileacht fuinneamhtháirgthe normálta trí bhíthin hidrealú níos moille'. Arna iarraidh sin don Údarás, ar dá réir nach mbraitheann an chaoi a gcuireann carbaihiodráití glicéime (lena n-áirítear iseamaltalós) leis an meitibileacht fuinneamhtháirgthe ar an ráta hidrealaithe le glúcós, bhí raon feidhme na meastóireachta eolaíche teoranta don chaoi a gcuireann iseamaltalós mar fhoinse ghlúcóis leis an meitibileacht fuinneamhtháirgthe normálta le comhaontú ón iarratasóir. Is é an pobal i gcoitinne an spriocphobal.

(6) An 15 Meán Fómhair 2021, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch ([2]) maidir leis an maíomh sin, tuairim inar tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, go bhfuil ceangal cúise agus éifeachta bunaithe idir tomhailt iseamaltalóis agus an chaoi a gcuireann sé leis an meitibileacht fuinneamhtháirgthe normálta. Mar sin féin, ós rud é nach gné a bhaineann go sonrach le hiseamaltalós í an chaoi a gcuireann sé leis an meitibileacht fuinneamhtháirgthe ach go bhfuil feidhm aici maidir le gach fuinneamh ina bhfuil macrachothaithigh (i.e. carbaihiodráití, próitéiní agus lipidí) lena dtugtar fuinneamh inmheitibilithe don chorp agus ós rud é go gcuirfeadh aon mhéid de na macrachothaithigh sin leis an éifeacht atá maíte, níorbh fhéidir leis an Údarás coinníollacha úsáide a shocrú le haghaidh an mhaímh sin.

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 9.
([2]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(10):6849.

(7) De bhun Airteagal 6(1) agus Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, beidh maímh shláinte bunaithe ar fhianaise eolaíoch a nglactar léi go ginearálta. De réir Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, ní mór maímh shláinte a bheith fírinneach, soiléir, iontaofa agus úsáideach don tomhaltóir agus aiste bia shláintiúil á roghnú aige. I ndáil leis sin, ceanglaítear le hAirteagal 5(2) freisin nach féidir an maíomh sláinte a dhéanamh ach amháin más féidir coinne a bheith leis go dtuigfeadh an gnáth-thomhaltóir na héifeachtaí tairbhiúla mar a chuirtear in iúl iad sa mhaíomh. Féadfar údarú a choinneáil siar go dlisteanach mura gcomhlíonann maímh shláinte ceanglais ghinearálta agus shonracha eile de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, fiú amháin i gcás measúnú eolaíoch fabhrach ón Údarás. Níor cheart maímh shláinte a dhéanamh nach bhfuil ag teacht le prionsabail chothúcháin agus shláinte a nglactar leo go ginearálta. Sa chás áirithe sin, chuirfí teachtaireacht chontrártha agus mhearbhlach in iúl do thomhaltóirí dá n-úsáidfí maíomh sláinte den sórt sin. Is déshiúicríd iseamaltalós ina bhfuil móilín glúcóis amháin agus móilín fruchtóis amháin agus, dá bhrí sin, spreagfaí tomhailt siúcraí le maíomh sláinte den sórt sin ar ina leith, ar bhonn na fianaise eolaíche a nglactar léi go ginearálta, a chuireann údaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta in iúl don tomhaltóir gur cheart a n-iontógáil a laghdú.

(8) Dá bhrí sin, ní chomhlíonann maíomh sláinte mar a thuairiscítear thuas pointe (a) den dara mír d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ina bhforáiltear nár cheart úsáid na maíomh cothúcháin agus sláinte a bheith débhríoch ná míthreorach. Thairis sin, fiú amháin mura mbeadh an maíomh sláinte lena mbaineann le húdarú ach amháin faoi choinníollacha sonracha úsáide agus/nó dá mbeadh ráitis nó rabhaidh bhreise ag gabháil leis, ní bheadh sé leordhóthanach chun mearbhall an tomhaltóra a mhaolú, agus dá bhrí sin níor cheart é a údarú lena áireamh i liosta an Aontais de mhaímh shláinte cheadaithe. Tá an chonclúid sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/8 ón gCoimisiún ([3]) freisin, rialachán ina bhfuil an toradh céanna maidir le glúcós agus maidir leis an gcaoi a gcuireann sé leis meitibileacht fuinneamhtháirgthe.

(9) Cuireadh na barúlacha a fuair an Coimisiún ón iarratasóir de bhun Airteagal 16(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 san áireamh agus an Rialachán seo á ghlacadh.

(10) Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit i gcomhthéacs chruinniú na meithle maidir le maímh chothúcháin agus shláinte an 11 Iúil 2022.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ní dhéanfar an maíomh sláinte a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a áireamh i liosta an Aontais de mhaímh cheadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 2015/8 ón gCoimisiún an 6 Eanáir 2015 lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do mhaímh áirithe shláinte a dhéantar i leith bianna, seachas na maímh sin lena dtagraítear do riosca galair a laghdú agus na maímh sin lena dtagraítear d'fhorbairt agus do shláinte leanaí (IO L 3, 7.1.2015, lch. 6).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

IO L, 1.8.2024

*IARSCRÍBHINN*

**Maíomh sláinte a diúltaíodh**

| Cur i bhfeidhm — Forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh 1924/2006 | Cothaitheach, substaint, bia nó catagóir bhia | Maíomh | Tagairt na tuairime ó EFSA |
|---|---|---|---|
| Airteagal 13(5), maíomh sláinte atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch nuafhorbartha agus/nó lena n-áirítear iarraidh ar chosaint sonraí dílseánaigh | Iseamaltalós | Cuireann iseamaltalós leis an meitibileacht fuinneamhtháirgthe normálta | Q-2021-00073 |



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2105/oj